C/2026/5008

28.9.2026

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Meán Fómhair 2026**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) thar ceann na Liotuáine**

(C/2026/5008)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Danukas ARLAUSKAS a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag eagraíocht na bhfostóirí BusinessEurope don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Aurelija MALDUTYTE ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Danukas ARLAUSKAS ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE

---

(1) IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.

(2) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 15).